Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Samhain 2023
(OR. en)

14822/23
ADD 1

LIMITE

COLAC 131
POLCOM 260

PUBLIC

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2023/0257(NLE)
2023/0260(NLE)

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus maidir le cur i bhfeidhm sealadach, an Chreat-Chomhaontaithe Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile<br>-Ráiteas ón nGearmáin |

**Ráiteas ó Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine**

Is díol sásaimh do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine síniú an Chreat-Chomhaontaithe Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile, ar an tuiscint go ndéanfaidh na Páirtithe a ndícheall léirmhíniú ceangailteach a bhaint amach lena sonrófar na caighdeáin cosanta infheistíochta trí chinneadh gar-ama ón gComhairle Chomhpháirteach idir an tAontas agus an tSile.

Sa chomhthéacs sin, cuireann Poblacht Chónaidhme na Gearmáine i bhfios go láidir a ábhartha atá an Dearbhú Comhpháirteach Léirmhínitheach maidir leis na Forálacha i ndáil le cosaint infheistíochta atá sa Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus an tSile, atá i gceangal leis an gcomhaontú sin, lena neartaítear cheana an ceart rialála i ndáil le bearta cosanta aeráide.